



COIGILTEAS
STÁIT NA
hÉIREANN

IRELAND
STATE
SAVINGS

An Chuideachta Duais-Bhannaí Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais
don bhliain airgeadais dar chríoch an
31 Nollaig 2024

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Clár	Leathanach
Faisnéis Chorporáideach	2
Ráiteas ón gCathaoirleach	3 - 4
Tuarascáil na Stiúrthóirí	5 - 6
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí	7
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	8 - 10
Ráiteas Ioncaim	11
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	12
Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas	13
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	14
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	15 - 19
Faisnéis bhreise – neamhiniúchta	20 - 24

Faisnéis chorparáideach

Stiúrthóirí

Debbie Byrne
Martin Ryan

Mary O'Connell
Ivo O'Sullivan
John Rice
Sharon Kelly
Dave McEvoy
Murray McCarter

Rúnaí

Gillian Skehill

Oifig cláraithe

Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Ionaid oibríochtúla

Bóthar Uíbh Ráthaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Iniúcháir

Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla,
Teach Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 AY28

Baincéirí

Banc na hÉireann

Aturnae

Lisa Gallagher

Suíomh gréasáin

www.StateSavings.ie

Uimhir chlárúcháin

144332

Bíodh is gur lú na díolacháin in 2024 ná mar a bhí in 2023, is cúis áthais dom a thuairisciú gur bhliain airgeadais dhearfach a bhí againn in 2024. Ba é €4.46 billiún méid amuigh an chiste ag deireadh na bliana 2024.

Ba iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta oibriúcháin i leith 2024:


Táscaire

Díolacháin	€350.9m	(28.3%)
Aisíocaíochtaí	€538.2m	1.2%
Díolacháin lúide aisíocaíochtaí	(€187.3m)	338.4%
Luach an chiste ag deireadh na bliana airgeadais	€4,464.6m	(4.0)%
Luach na nduaiseanna a bronnadh	€45.6m	89%
Líon duaiseanna a bronnadh	475,102	53.4%
Líon ceannachán	386,307	27.6%

Feidhmíocht

Athrú céatadán ó 2023

GRAIF



Tarraingtí seachtainiúla Duaisbhannaí

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a chinneann luach iomlán na nduaiseanna atá le heisiúint trí ráta úis a chur i bhfeidhm ar luach na nDuaisbhannaí atá eisiithe. Ba é 1% an ráta úis ab infheidhme maidir leis an gciste Duaisbhannaí i gcaitheamh na bliana.

Eisíodh 475,102 dhuais dár gcustaiméirí in 2024, agus ba mhéadú 53% é sin i gcomparáid le 2023. Tháinig méadú 89% bliain ar bhliain ar luach na nduaiseanna, de bharr an tionchair bliana iomláine den athrú ar an ráta úis i mí Dheireadh Fómhair 2023 ó 0.35% go 1%.

Duaiseanna nár éilíodh

Ag deireadh 2024, ba é €3.6 milliún luach na nduaiseanna nár éilíodh ó seoladh an táirge in 1957. Sainmhínítear duaiseanna nár éilíodh mar na duaiseanna sin nach bhfuil éilithe i gcónaí tar éis sé mhí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanaimid teagmháil le gach buaiteoir duaise ag an seoladh atá againn don chustaiméir. Molaimid do chustaiméirí fógra a thabhairt dúinn faoi aon athrú a luaithe is féidir tar éis an athraithe.

Cuid an-bheag de luach na nduaiseanna a bronnadh i gcaitheamh na mblianta ó corpraíodh Scéim na nDuaisbhannaí is ea an méid atá fós amuigh i leith na nduaiseanna sin. Foilsítear liosta de na duaiseanna go léir ar an suíomh gréasáin um Choigilteas Stáit, www.StateSavings.ie. Tá sé tábhachtach a mheabhú go gcoinnítear na duaiseanna ar feadh i bhfad go dtí go n-éilíonn sealbhóir bannaí iad.

Ráiteas ón gCathaoirleach (ar lean)

Feabhsú na Seirbhíse

Is tairiscint an-tábhachtach iad Duaisbhannaí i bpunann na dtáirgí Coigiltis Stáit a thairgeann GBCN d'infheisteoirí miondíola thar ceann an Stáit. Le linn 2024, leanamar leis na hinfheistíochtaí atá á ndéanamh againn le blianta beaga anuas chun ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá áthas orm a thuairisciú gur ar líne a dhéantar 25% dár ndíolacháin anois, ar méadú é sin ó 21% in 2023.

Bhíomar ag obair i ndlúthpháirt le GBCN chun próisis do chustaiméirí a fheabhsú. Go háirithe, le tabhairt isteach níos mó seirbhísí ar líne, is amhlaidh anois go bhfuil custaiméirí in ann amharc ar a sealúchais Coigiltis Stáit, Duaisbhannaí ina measc, ar líne agus níos mó gníomhaíochta a dhéanamh linn ar a rogha bealaigh.

Ó mhí Feabhra 2020, tá sé de rogha ag custaiméirí a bhuaigh duaiseanna an duais a fháil trí ríomhaistrithe airgid chuig a gcuntas bainc nó an duais a athinfheistiú i nDuaisbhannaí. Is modhanna íocaíochta tapa agus slána iad an dá rogha sin. Cuireann siad le héifeachtúlacht na n-íocaíochtaí le custaiméirí freisin toisc nach mbíonn feidhm ag 'amanna imréitigh' ná ag costais a ghabhann le seiceanna.

Lean ár n-ionad glaonna ag feidhmiú go maith, agus freagraíodh 97.7% de na glaonna laistigh de 3 nóiméad nó níos lú.

Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Comhaltaí Boird na Cuideachta agus le lucht bainistíochta agus foireann An Post agus Fexco as an méid mór a chuir siad lenár bhfeidhmíocht in 2024.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta as a tacaíocht leanúnach agus as an gcúnamh luachmhar a thugann sí dúinn.



Debbie Byrne, Cathaoirleach

Dáta: 6 Meitheamh 2025

Tá áthas ar na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta na Cuideachta, a chur i láthair don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

An Chuideachta

Tá an Chuideachta i mbun gnó chun an Scéim Duaisbhannaí a riar faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinneadh an conradh a athnuachan ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá na stiúrthóirí sásta, dá bhrí sin, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Is ag An Post atá 50% den scairchaipiteal eisithe agus is ag Fexco atá an 50% eile.

Torthaí don bhliain airgeadais

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais sa ráiteas ioncaim ar leathanach 11 agus sna nótaí gaolmhara.

Ní mholann na stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn i leith na bliana airgeadais 2024 (2023: €Nialas).

Athbhreithniú gnó

Cuimsítear an t-athbhreithniú gnó sa Ráiteas ón gCathaoirleach. Mar a thuairiscítear ansin, bhí feidhmíocht na Cuideachta in 2024 fós dearfach. Luach €350.9m (2023: €489.1m) a bhí ar dhíol Duaisbhannaí i rith na bliana. Tháinig laghdú 0.90% ar tháillí conartha a thuill an Chuideachta go €12.7m. Is é uainiú na n-íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara, den chuid is mó, is cúis leis na hathruithe ar an gclár comhardaithe agus ar an staid airgid.

I measc na bpríomhrioscaí agus na n-ábhar éiginnteachta atá roimh fhorbairt na Cuideachta amach anseo, tá feidhmíocht a fochonraitheoirí agus ábharthacht an táirge a chinntiú sa mhargadh ina n-oibrímid, margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí. D'fhorbair na stiúrthóirí raon straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar rioscaí eile atá le sárú ag an gCuideachta.

Na stiúrthóirí, an rúnaí agus a leasanna

Tionóladh ceithre chruinniú den Bhord i rith na bliana airgeadais. Leagtar amach thíos tinreamh na stiúrthóirí ag na cruinnithe a raibh siad incháilithe chun freastal orthu:

Stiúrthóir	Cruinnithe a rabhtas incháilithe chun freastal orthu	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Debbie Byrne	4	4
Sharon Kelly	4	4
Dave McEvoy	4	4
William Mooney	3	3
Mary O'Connell	4	3
Ivo O'Sullivan	4	4
John Rice	4	4
Martin Ryan	4	4
Murray McCarter	4	4

Na stiúrthóirí ná an rúnaí a bhí i seilbh oifige an 31 Nollaig 2024, ní raibh aon leas acu i scaireanna na Cuideachta ná i mbintíúir de chuid na Cuideachta ná de chuid aon chuideachta sa Ghrúpa.

D'éirigh William Mooney as mar stiúrthóir den Bhord le héifeacht ón 1 Samhain 2024.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Iar-theagmhais

Ní raibh aon teagmhas idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo a d'fhágfadh nár mhór nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seo nó coigeartú a dhéanamh orthu.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha trí phearsanra a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta san oifig chláraithe.

Faisnéis ábhartha don iniúchadh

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach beart riachtanach glactha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil iniúcháirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus is eol dóibh, ní ann d'aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí reachtúla na Cuideachta.

Iniúcháir

Tá an t-iniúcháir, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla, ag leanúint i mbun oifige de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faofa ag an mBord agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:



Debbie Byrne
Stiúrthóir



Martin Ryan
Stiúrthóir

Dáta: 6 Meitheamh 2025

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais le haghaidh gach bliana airgeadais. Faoi dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). De réir dlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go bhfuil léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ag dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na Cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcloíonn na ráitis le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ar gach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm ansin i slí sheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a shonrú gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a ainmniú, agus an éifeacht agus na cúiseanna a bhaineann le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoimeádann an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, nó go gcuirfidh sí faoi deara na taifid sin a choimeád, ina mínítear agus ina gcoinnítear taifead ar idirbhearta na Cuideachta i gceart, lena gcuirtear ar chumas sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a dhearbhu go réasúnta cruinn tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí, 2014, agus lena gcuirtear ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

D'fhéadfaí nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird



Debbie Byrne

Stiúrthóir



Martin Ryan

Stiúrthóir

Dáta: 6 Meitheamh 2025

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais na Cuideachta Duais-Bhannaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) (“an chuideachta”)

Is é ár dtuairim:

- go bhfuil léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar an toradh don bhliain airgeadais dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an chreata ábhartha um thuairisciú airgeadais agus, go háirithe, de réir na gceanglas in Acht na gCuideachtaí, 2014.

Cuimsítear na nithe seo a leanas sna ráitis airgeadais ar a ndearnamar iniúchadh:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas ar Staid an Airgeadais;
- an Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid; agus
- nótaí ábhartha 1 go 13, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is iad Acht na gCuideachtaí, 2014, agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (“IFRS”) (“creat ábhartha um thuairisciú airgeadais”) an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas.

Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh a stiúradh de réir na gCaighdeáin Iniúchta Idirnáisiúnta (in Éirinn) agus de réir an dlí atá infheidhme. Tugtar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid *Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais* den tuarascáil seo thíos.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eiticíúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice atá foilsithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise a fuaireamar ón iniúchadh chun bonn a chur ar fáil lenár dtuairim.

Conclúidí maidir leis an ngnóthas leantach

Tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, chinneamar gurb iomchuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d’fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith an ghnóthais leantaigh le fáil sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúcháir orthu sin. Na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chuimsítear lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa chás ina sonraítear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní thugaimid conclúid iontaofachta d'aon chineál ina leith sin.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an gcaoi sin, féachaint an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó an ndéantar míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis ar bhealach eile. Más rud é go n-aithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míráitis ábhartha dhealraitheacha den sórt sin, bíonn orainn a dhearbhu cibé acu an é sna ráitis airgeadais nó san fhaisnéis eile atá an míráiteas ábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go measaimid go bhfuil míráiteas ábhartha déanta eile ar an bhfaisnéis eile sin, bíonn orainn é sin a thuairisciú.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Faoi mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go bhfuil léargas firinneach cóir iontu agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ar gach bealach eile, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, de dheasca calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá freagracht ar na stiúrthóirí as cumas na cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh faoi mar is iomchuí, agus bonn cuntasíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil de rogha eile acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn iontaofacht réasúnta a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, de dheasca calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint ina gcuimsítear ár dtuairim. Leibhéal ard iontaofachta is ea iontaofacht réasúnta, ach ní dheimhnítear léi go mbraithfear míráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (in Éirinn). D'fhéadfadh calaois nó earráid a bheith ina gcúis le míráitis agus meastar mar a bheith ábhartha iad más rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnta go bhféadfaidís, astu féin nó ar an iomlán, dul i gcion ar chinntí eacnamaíochta a ghlacann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Tá tuairisc bhreise ar ár bhfreagrachtaí i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ar <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements>. Tá an tuairisc sin ina cuid den tuarascáil iniúcháir uainn.

Tuarascáil ar cheanglais dlí agus rialúcháin eile

Tuairim ar nithe eile atá forordaithe le hAcht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneamar i rith an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid na nithe seo a leanas:

- Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad, a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta, faighte againn.
- Dar linn, bhí taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ábhair a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina leith go heisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint a fuairamar ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht i rith an iniúchta, níor aithníomar aon mhíríteas ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014, lena gcuirtear ceangal orainn a chur in iúl más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe ar luach saothair na stiúrthóirí agus ar na hidirbhearta atá sonraithe sa dlí.

Úsáid na tuarascála

Ullmhaíodh an tuarascáil seo do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go mbeimid in ann na saincheisteanna a bhfuil sé mar dhualgas orainn a lua le comhaltaí na cuideachta a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid le freagracht ná ní bheimid freagrach d'aon duine eile seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as an obair iniúchta, chomh fada agus a cheadaíonn an dlí dúinn, i gcás na tuarascála seo, nó i gcás na dtuairimí atá bunaithe againn.

Emer O'Shaughnessy

Dáta: 12 Meitheamh 2025

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Teach Deloitte & Touche

29 Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

Ráiteas Ioncaim

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

11

	<i>Nóta</i>	2024 €	2023 €
Ioncam	2	12,745,641	12,860,176
Caiteachas oibriúcháin	3	(12,783,659)	(12,860,176)
Caillteanas roimh ghlanioncam/(glanchostais) airgeadais agus cánachas		(38,018)	-
Ioncam airgeadais	4	44,354	-
Brabús roimh cháin		6,336	-
Cáin ioncaim	6	(6,336)	-
TORADH DON BHLIAIN AIRGEADAIS		-	-

Ní raibh aon ghnóthachan ná caillteanas ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais seo nó sna blianta airgeadais roimhe sin seachas iad siúd ar déileáladh leo sa ráiteas ioncaim thuas agus, ar an mbonn sin, ní chuirtear i láthair ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Na torthaí thuas don bhliain airgeadais seo agus don bhliain airgeadais roimhe sin, is ó oibríochtaí leanúnacha a eascraíonn siad ar fad.

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Sócmhainní reatha			
Suimeanna infhaighte trádála agus eile	7	999,666	960,321
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		15,066,804	14,042,295
Sócmhainní reatha		16,066,470	15,002,616
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		16,066,470	15,002,616
Cothromas			
Scairchaipiteal	9	125	125
Cúlchistí eile	9	2	2
Tuilleamh coimeádta		-	-
Iomlán an chothromais		127	127
Dlíteanais reatha			
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	8	16,066,343	15,002,489
Iomlán na ndlíteanas reatha		16,066,343	15,002,489
IOMLÁN AN CHOTHROMAIS AGUS NA NDLITEANAS		16,066,470	15,002,616

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh iad lena n-eisiúint ar an 6 Meitheamh 2025, agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Debbie Byrne
Stiúrthóir



Martin Ryan
Stiúrthóir

Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

13

	Scairchaipiteal €	Cúlchistí eile €	Tuilleamh coimeádta €	Iomlán an chothromais €
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	125	2	-	127
Toradh don bhliain airgeadais	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	125	2	-	127
Toradh don bhliain airgeadais	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	125	2	-	127

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	2024 €	2023 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Toradh don bhliain airgeadais	6,336	-
Coigeartuithe le haghaidh:		
Ioncam airgeadais	(44,354)	-
Costas cánach	(6,336)	-
	(44,354)	-
Athruithe ar:		
Suimeanna infhaighte trádála agus eile	(39,345)	(48,580)
Suimeanna infíoctha trádála agus eile	1,063,854	(1,710,011)
	980,155	(1,758,591)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	980,155	(1,758,591)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	44,354	-
Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	1,024,509	(1,758,591)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais	14,042,295	15,800,886
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais	15,066,804	14,042,295

1. Beartais chuntasaíochta ábhartha

Mura sonraítear a mhalairt, cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach tréimhse a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

1.1 Bunús ullmhúcháin agus ráiteas comhlíonta

Eintiteas tuairiscithe

Cuideachta atá corpraithe in Éirinn agus a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn is ea an Chuideachta Duais-Bhannaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) (“an Chuideachta”).

Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IRFS), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (EU IFRS).

Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tar éis dóibh measúnú a dhéanamh ar acmhainní na Cuideachta, tháinig na stiúrthóirí ar an gconclúid go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun oibríochta. Rinne an Chuideachta conradh cúig bliana le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Scéim na nDuaisbhannaí a riar ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 mura ndéanfar é a fhoirceannadh níos luaithe faoi chlásal 13 den chonradh. Tá na stiúrthóirí sásta, dá bhrí sin, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Bunús an tomhais

Is ar bhonn an chostais stairiúil a ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo.

Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is in Euro a chuirtear na ráitis airgeadais i láthair, mar is é an Euro airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

Úsáid breithiúnas agus meastachán

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní dhearna an lucht bainistíochta aon bhreithiúnas ná aon mheastachán, ná níor bhraith siad ar aon bhonn tuisceana, a dhéanann difear do chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta na Cuideachta agus do mhéid tuairiscithe na sócmhainní, na ndlíteanas, an ioncaim agus na gcostas. D’fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhrí.

1.2 Scéim na nDuais-Bhannaí

Riarann an Chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí ar scála comhaontaithe luacha saothair. Íoctar na cistí ar aghaidh go rialta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a fheidhmíonn thar ceann an Aire Airgeadais. Dílsítear sócmhainní agus dlíteanas Scéim na nDuaisbhannaí don Aire agus, dá réir sin, ní áirítear iad i gclár comhardaithe na Cuideachta.

1.3 Ioncam

Cuimsítear le hioncam luach na seirbhísí go léir a sholáthraítear, arna ríomh i gcomhréir leis an gconradh chun Scéim na nDuaisbhannaí a riar agus a dhíol, gan cáin bheisluacha a áireamh.

1.4 Caiteachas ar fhógraíocht agus ar ábhar bolscaireachta

Déantar an caiteachas ar fhógraíocht agus ar ábhar bolscaireachta a thaifeadadh mar a thabhaítear é.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

1.5 Cáin

Cuimsítear leis an gcostas cánach ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear cáin sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le comhcheangal gnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach sa chothromas nó san ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é ar bhonn díreach sa chothromas nó san ioncam cuimsitheach eile.

Cáin reatha

Cuimsítear leis an gcáin reatha an cháin is infíochta nó is infhála a bhfuil coinne leis ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas inchánach don bhliain airgeadais agus aon choigeartú ar an gcáin is infíochta nó is infhála do bhlianta airgeadais roimhe sin. Tomhaistear í ag rátaí cánach a bhí achtaithe nó achtaithe sa tsubstaint ar an dáta tuairiscithe. Áirítear le cáin reatha aon cháin a eascraíonn as díbhinní freisin.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críoch tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críoch cánach. Ní aithnítear cáin iarchurtha sna cásanna seo a leanas:

- difríochtaí sealadacha ar aitheantas tosaigh sócmhainní nó dliteanas in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach ndéanann difear do chuntasaíocht ná do bhrabús nó caillteanas inchánach;
- difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhshocraíocht a mhéid atá an Chuideachta in ann uainiú aisiompú na ndifríochtaí sealadacha a rialú agus gur dócha nach n-aisiompóidh siad go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha inchánacha a eascraíonn as aitheantas tosaigh cáilmheasa.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte, difríochtaí sealadacha in-asbhainte a mhéid is dócha go mbeidh brabús inchánach amach anseo ar fáil ar féidir iad a fhritháireamh ina leith. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid nach dócha a thuilleadh go ndéanfar an sochar cánach gaolmhar a réadú; déantar laghdúithe den sórt sin a aisiompú nuair a thagann feabhas ar an dóchúlacht gurbh ann do bhrabús inchánach amach anseo.

Déantar athmheasúnú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad a mhéid is dócha go mbeidh brabús inchánach amach anseo ar fáil ar féidir iad a fhritháireamh ina leith.

Tomhaistear cáin iarchurtha ar na rátaí cánach a mheastar a chuirfear i bhfeidhm ar dhifríochtaí sealadacha nuair a aisiompaíonn siad, ag úsáid rátaí cánach a bhí achtaithe nó achtaithe sa tsubstaint ar an dáta tuairiscithe.

2. Ioncam

	2024 €	2023 €
Is mar seo a leanas atá an anailís ar ioncam:		
Táillí conartha agus coimisiúin	12,745,641	12,860,176
Is ó Phoblacht na hÉireann a tháinig an t-ioncam ar fad.		

3. Caiteachas oibriúcháin

	2024 €	2023 €
Is mar seo a leanas atá an anailís ar chaiteachas oibriúcháin:		
Speansais riaracháin	12,767,845	12,844,876
Luach saothair an iniúcháir	15,814	15,300
Luach saothair na stiúrthóirí	-	-
	12,783,659	12,860,176

Ba é nialas meánlíon míosúil na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais (2023: Nialas). Ní íoctar luach saothair le Stiúrthóirí as a ról mar Stiúrthóirí na Cuideachta.

4. Ioncam airgeadais

	2024 €	2023 €
Is mar seo a leanas atá an anailís ar ioncam airgeadais:		
ioncam airgeadais	44,354	-

Ioncam airgeadais atá faoi réir cánach.

5. Conarthaí ábhartha agus nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta an 21 Nollaig 2022 le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanadh an Chuideachta Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. Sa bhliain airgeadais faoi athbhreithniú, d’aistrigh an Chuideachta glanchistí arbh fhiú €248,129,725 san iomlán iad chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (2023: d’aistrigh an Chuideachta €81,986,729 chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta), lena gcuimsítear fáiltais ó dhíol Duaisbhannaí lúide éilimh ar airgead i leith tiontú Duaisbhannaí ina n-airgead, íocaíochtaí duaise agus costais oibriúcháin. Ba é €2,945,774 an t-iarhmhéid glan a bhí dlíthe do Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an 31 Nollaig 2024 (2023, dlíthe do GBCN: €3,398,502).

Rinne an Chuideachta conradh nua dar dáta an 11 Bealtaine 2023 le An Post. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanadh An Post gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. De réir théarmaí an chonartha, thuill An Post táillí iomlána €3,882,720 (2023: €4,234,008) i rith na bliana airgeadais as seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é €282,629 an méid a bhí dlíthe ag an gCuideachta do An Post an 31 Nollaig 2024 (2023: €256,369).

Rinne an chuideachta conradh nua dar dáta an 8 Bealtaine 2023 le Fexco. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanadh Fexco gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. De réir théarmaí an chonartha, thuill Fexco táillí iomlána €8,742,505 (2023: €8,511,049) i rith na bliana airgeadais as seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é €723,026 an méid a bhí dlíthe ag an gCuideachta do Fexco an 31 Nollaig 2024 (2023: €704,870).

Tá nótaí státhchiste dar luach €4,074,090 (2023: €4,032,923) ar taisce ag an gCuideachta le GBCN. Cuireadh ús €41,333 (2023: ús €41,025) i bhfeidhm ar na nótaí sa bhliain airgeadais reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

6. Cáin ar an toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí

	2024 €	2023 €
a) Aitheanta sa ráiteas ioncaim		
Cáin ioncaim don bhliain airgeadais	6,336	-
(b) Réiteach an ráta cánach iarbhrí		
	2024 €	2023 €
Toradh roimh cháin	6,336	-
Ráta cánach reatha 12½% (2023: 12½%)	792	
Ioncam airgeadais a ngearrtar cáin air ar rátaí níos airde	5,544	-
Cáin iomlán don bhliain airgeadais	6,336	-

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha €6,091 (2023: €6,091) ar an mbonn nach measann na stiúrthóirí go mbeidh dóthain brabúis inchánaigh ann chun an tsócmhainn a úsáid.

7. Suimeanna infhaighte trádála agus eile

	2024 €	2023 €
An méid atá dlite ó Ghníomhaireacht Bainistíochta		
an Chisteáin Náisiúnta i leith táillí conartha	999,666	954,808
CBL infhaighte	-	5,513
Suimeanna infhaighte eile		-
	999,666	960,321

Na méideanna atá dlite ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, tá siad saor ó ús agus infhaighte ar éileamh.

8. Suimeanna iníochta trádála agus eile

	2024 €	2023 €
An méid atá dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an		
Chisteáin Náisiúnta	3,945,441	4,353,312
Méideanna atá dlite do An Post	282,629	256,369
Méideanna atá dlite do Fexco	723,026	704,870
Méideanna atá dlite do bhuaiteoirí duaiseanna	6,704,580	5,131,438
Cáin chorparáide	6,336	-
CBL	26,302	-
Creidiúnaithe eile	4,378,029	4,556,500
	16,066,343	15,002,489

Na méideanna atá dlite do An Post, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Fexco, tá siad saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

Cuimsítear leis an bhfigiúr le haghaidh creidiúnaithe eile dliteanas i leith seiceanna atá fós amuigh dar luach €4.16m (2023: €4.2m). Na seiceanna sin atá fós amuigh, tá siad níos mó ná sé mhí d'aois ach is dliteanas de chuid na Cuideachta iad go fóill.

9. Scairchaipiteal agus cúlchistí eile

	2024	2023
	€	€
Údaraithe, leithroinnte, glaoite agus láníoctha 100 Gnáthscair ar €1.25 an ceann	125	125

Rinneadh Gnáth-Scairchaipiteal na Cuideachta a ath-ainmleacháil ó €1.269738 an scair go €1.25 an scair an 30 Nollaig 2002. Bunaíodh cúlchiste comhshóite caipitil €2 chun cuntas a thabhairt ar an difríocht a d'eascair as an athrú sin.

10. Gealltanais chaipitil

Níorbh ann d'aon ghealltanais caipitil ag deireadh na bliana airgeadais (2023: €Nialas).

11. Teagmhais

Níorbh ann d'aon dliteanas teagmhasach ábhartha ag deireadh na bliana airgeadais (2023: €Nialas).

12. Comhaltacht an Ghrúpa agus páirtithe rialaithe

Is ag An Post atá 50% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta agus is ag Fexco atá an 50% eile. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Fexco agus An Post le fáil don phobal ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Plás Gloucester Íochtarach, Muinseo, Baile Átha Cliath 1, D01 C8P4, Poblacht na hÉireann.

13. Iar-theagmhais

Ní raibh aon teagmhas idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo a d'fhágfadh nár mhór nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seo nó coigeartú a dhéanamh orthu.

14. Faomhadh an Bhoird

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 6 Meitheamh 2025.

Faisnéis bhreise

(nach bhfuil clúdaithe i dtuarascáil an iniúcháir neamhspleách)

1. Duaischiste agus struchtúr

Cinntear an Duaischiste trí ús ar an gciste incháilithe a ríomh ag ráta arna chinneadh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Braitheann líon na nduaiseanna a bhronntar gach seachtain ar mhéid an Duaischiste iomláin. Ba iad seo a leanas líon iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2024 agus in 2023.

	Líon	
Luach na nduaiseanna in €	2024	2023
500,000	12	3
250,000	0	3
50,000	52	49
1,000	1,040	650
500	1,040	650
75	472,958	122,060
50	0	186,270
Iomlán	475,102	309,685

Méadaíodh ráta an duaischiste ó 0.35% go 1% i mí Dheireadh Fómhair 2023, rud a d'fhág gur bunaíodh struchtúr nua duaiseanna. Is é atá i nduais an Phota Óir anois agus duais €500,000 don tarraingt dheireanach gach mí, agus coinníodh mórdhuais €50,000 do gach tarraingt, tarraingtí don Phota Óir ina measc. Ina theannta sin, cuireadh le líon na nduaiseanna €1,000 agus €500 agus méadaíodh luach íosta na nduaiseanna ó €50 go €75.

Ba é €45,631,850 luach iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2024 (2023: €24,143,000), agus is méadú 89% é sin sa bhliain airgeadais.

2. Tarraingt uimhreacha

Is féidir féachaint ar na huimhreacha a tharraingítear sna tarraingtí seachtainiúla ag an Ionad Infheistíochta Coigiltis Stáit in Oifig an Phoist ar Shráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2 nó ar líne ag www.prizebonds.ie

Minicíocht: Gach Aoine ag 12.30 p.m., faoi réir athrú i rith tréimhsí amhail an Cháisc, an Nollaig, etc.

3. Líon na mball foirne – fochonraitheoirí

Ceannoifig An Post, Baile Átha Cliath

Ardbhainistíocht	1
Meánbhainistíocht	1
Foireann oibríochtúil	5

Ionad oibríochtúil Fexco, Cill Orglan

Ardbhainistíocht	1
Meánbhainistíocht	2
Foireann oibríochtúil	87

Staitisticí oibriúcháin

(nach bhfuil clúdaithe i dtuarascáil an iniúcháir neamhspleách) (ar lean)
don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

4. Staitisticí

2024	Díolacháin	Tiontú in airgead
	€	€
Eanáir	35,046	53,574
Feabhra	31,867	45,050
Márta	30,853	41,400
Aibreán	32,271	49,048
Bealtaine	29,710	47,979
Meitheamh	25,549	36,879
Iúil	32,918	53,616
Lúnasa	25,654	43,895
Meán Fómhair	22,968	45,760
Deireadh Fómhair	28,382	47,865
Samhain	26,887	43,861
Nollaig	28,791	29,287
Iomlán	350,898	538,213

5. Bealaí díolacháin

An Post: Téigh chuig aon Oifig Poist
 Sa phost: Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1
 Ar an teileafón: 0818 20 50 60
 Ar líne: www.statesavings.ie

6. Sealúchais Duaisbhannaí amhail an 31 Nollaig 2024

Líon na sealúchas Duaisbhannaí ar leithligh	7.9m
Luach an Chiste	€4.464bn

Cuntas Mionsonraithe Brabúis agus Caillteanais neamhiniúchta – ní cuid de na ráitis airgeadais reachtúla é seo.

	2024 €	2024 €	2023 €	2023 €
Ioncam				
Díolacháin/fáltais/láimhdeachas	12,789,995		12,860,176	
		12,789,995		12,860,176
Míreanna cuntais trádála				
Costas díolachán		-		-
Brabús trádála comhlán		12,789,995		12,860,176
Speansais/asbhaintí				
Tuarastail/pá, costais foirne	-		-	
Fochonraitheoirí	-		-	
Costais dlí agus costais ghairmiúla	(19,300)		(20,600)	
Costais chlódóireachta, phostais agus stáiseanóireachta	-		-	
Costais mhargaíochta	(117,621)		59,452	
Costais choimisiúin	(1,793,569)		(2,194,290)	
Costais oibríochtúla agus riaracháin	-		-	
Costais a bhaineann le hairgeadas agus glanmhíreanna	(21,513)		(146,472)	
Costais forbartha TF	-		(7,500)	
Táillí conarthaí seachtracha	(10,831,656)		(10,550,766)	
		(12,783,659)		(12,860,176)
Toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin		6,336		-

Ráiteas Inbhuanaitheachta

Aguisín Neamhiniúchta

1. Inbhuanaitheacht

Le Straitéis GBCN um Ghníomhú ar son na hAeráide, féachtar lena chinntiú go ndéanann GBCN forbairt ar a ról ceannaireachta i dtaobh maoiniú inbhuanaithe agus go mbeidh sé ina eagraíocht a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030, agus go dtacaíonn GBCN san am céanna le haidhm an Rialtais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, trína shainorduithe agus trína chur chuige ó thaobh na hoibre de. Chomh maith lena Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá GBCN tiomanta do Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme agus ceannaireacht a léiriú sa Ghníomhú ar son na hAeráide de.

Sholáthair an Chuideachta seirbhísí de chuid An Post agus Fexco, a dhéanann a ngnó don Chuideachta faoi chúinsí conarthacha sonracha, lena n-áirítear prionsabail an Rialachais Comhshaoil, Shóisialta agus Chorporáidigh (CSC) a chur chun cinn go ginearálta agus de réir mar a bhaineann siad le seirbhísí a sholáthar don Chuideachta Duais-Bhannaí.

Aithnítear ag croílár Fexco go mbíonn ról ag gnólachtaí chun luach a sholáthar anuas ar an mbrabúsacht, agus aithníonn sé go bhfuil dualgas air a chuid féin a dhéanamh chun feabhas a chur ar shaol a fhostaithe agus a dteaghlach siúd, agus ar na pobail agus ar na héiceachórais ina mbíonn sé ag feidhmiú. Aithníonn Fexco go foirmiúil an prionsabal sin agus a thiomantas do bheith ina ghnólacht inbhuanaithe araon, agus dá bhrí sin tá an Rialachas Comhshaoil, Sóisialta agus Corparáideach (CSC) ina bhunchloch dá straitéis níos leithne anois. Mar eagraíocht dhinimiciúil i mbun forbartha, tuigeann Fexco na hathruithe móra is gá a dhéanamh chun a straitéis CSC a leabú agus chun todhchaí fhíor-inbhuanaithe a chruthú. Tá cultúr Fexco fréamhaithe san inbhuanaitheacht anois, agus tá fíis choiteann ag an eagraíocht maidir lena cuspóirí CSC a bhaint amach. Comhroinntear an fhreagracht agus an chuntasacht ar fud a ghnólachtaí agus a shuíomhanna go léir.

Is é cuspóir An Post gníomhú ar son an leasa choitinn agus feabhas a chur ar an saol in Éirinn, anois agus le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Creideann An Post go bhfuil deiseanna níos fearr, seirbhísí, timpeallacht níos folláine, agus sochaí níos cothroime tuillte ag cách. Tá An Post ar cheann de na fostóirí is mó in Éirinn agus is aige atá an gréasán miondíola agus an flít feithiclí is mó, rud a fhágann go bhfuil An Post fréamhaithe go domhain i ngach aon phobal. Mar thoradh ar an réim uathúil sin, tá sé ar a chumas athrú mór ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de a bhaint amach, an comhionannas a chur chun cinn, agus tacú le saol inbhuanaithe. Ach tarraingt le chéile, tá sé mar aidhm ag An Post oidhreacht a chruthú ar féidir a bheith bródúil aisti agus acmhainní an phláinéid á gcosaint do na glúnta amach romhainn san am céanna. Tá tuiscint dhomhain ag An Post ar dhaoine agus ar áiteanna, rud a chuireann ar a chumas dó an inbhuanaitheacht a chur ag croílár an tsaoil laethúil do dhaoine, do phobail, agus do ghnólachtaí ar fud na hÉireann.

2. Gníomhaíochtaí

Spreagann an inbhuanaitheacht muid chun oibríochtaí a chur in oiriúint agus athruithe a dhéanamh ar mhaithe le tairbhí fadtréimhseacha, go háirithe i dtéarmaí cúrsaí comhshaoil agus sóisialta.

Mar thoradh ar athruithe ar phróisis le ceithre bliana anuas, baineadh amach laghdú 260,000 earra páipéir in 2024, i gcomparáid le 171,000 earra in 2023. Tháinig méadú 29% ar iarrataí ar aisíocaíocht ar líne in 2024 i gcomparáid le 2023.

Is féidir le custaiméirí a gcuid sealúchas a bhainistiú, féachaint ar idirbhearta agus a rogha féin a dhéanamh maidir le conas a íocfar duaiseanna leo ar an tairseach Coigiltis Stáit ar líne.

Táimid tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar eispéireas ár gcustaiméirí ar bhealach a théann chun tairbhe do chustaiméirí agus don chomhshaoil san am céanna, agus tá sé i gceist againn réitigh dhigiteacha sa bhreis dár gcustaiméirí a chur i bhfeidhm.



COIGILTEAS
STÁIT NA
hÉIREANN

IRELAND
STATE
SAVINGS

An Chuideachta Duais-Bhannaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)
Seoladh Cláraithe na Cuideachta
Ard-Oifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2
0818 20 50 60 / 01 705 7200
Statesavings.ie